

AMHRÁN MHCÍL MHÓIR.

Gach ní dar chruithuigh an tÁrd Rí
Chlaoisdhte dhona dhána
Ní an duine daingean dána
Nach náireach dhó é
S dhá shilfeadh sé a bheith láidir
Ag goidead maoín agus estáta
Go dtiocfadh dhó bheith i mbáireach
Go fán lag sa gcré
Ach dhá bhrigh sin féin na sgannruigh
sa tsaoghal seo uilig i láthair
Cuirfimid romhainn estáta
Go párlús Mhic Dé
A Íosa Mhic na bainríoga
A bhfuil cumhadha mór i ndáil leat
Go dtuga tú dhúinn na grasta
agus abruighimid améan
A Mhicil níl aon baoghal ort
Coinnigh an mheath go díreach
Ní thiocfaidh aon neach i do ghabhar
Ach t'anam a bheith slán
Labróchaidh Muirle go cinnte
A Mhic a d'fhuiling an íobairt
A ghabh sa gcroich dhá saothrú
S a d'fhuiling uiliug a pháis
Níl croc is níl gleann
S níl faoilte
nach lasfaidh is goidé an t-iongnadh
S cé bfuigfidh an t-anam dídean
mara mbeidh séar do sgath
Is fíor duit sin a mháthair
Tá an t-olc is an mhaith i láthair
Is maith ar bith dá ndearna siad
beidh sé rómpa go foill
Breathnuigh ar mo láimh atá
tollta ag na táirrní
S mo leathaobh atá gearrtha
Seo é an áit a ndeachaidh an choróin

Go dtí na sgiursí cnába
Ghearr go dtí an cnámh mé
Bhí tú féin i láithreach
nar ghránna an mhaise dóibh
Fuil mo chroidhe gus tarraingnigheadar
S dhom athair a thug mé an sásadh
S níor coinnte gearr suas m'aithne
S gan trácht ar bith ar Pholl

An lá andan a bhéas muid in éindigh
S muid ag tarrang a chun a' tsléibhe
béidh grothachai ina néadain
S ní fhéadfamuid bheith ag cainnt
Beidh Mac na cumhra gléigeal ann
Is a chuid Aingle ar gach taobh de
Tabhairt breithe in éinfeacht
ar síol Éabha agus Ádhaimh
Ní bheidh cúirte ná lae ann
Ach teannam uaibh a cré glan
ar cuireamh fleadh is féasta

S séanfamuid an dream
bradach lochtach bréagach
Bíodh aca ar shon a dtréartha
nach deacrach dubach dóib féin sin
A bheith ar thaobh croc Shliabh Sían
Lasfaidh an mhuir is pléasgadh
ó gach carraig óna chéile
A Mhic Mhuire ceard a dheanfas muid
Is agat atá an chainnt?
Ach gur le haghaidh na peacaidh a dhéanamh
thug tú lú na gcos is na ngéag dúinn
S nar mhaith í an aithrighe a déanamh
dá ndéanfadh muid in am.

10/7/30.

Micheal Mór a rinne.

Rinne sé go leor amhrán